# Pleanáil agus Forbairt le Téamaí Aistear: Léargas Ginearálta

***Aistear***

*Téamaí*: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, *Cumarsáid a Dhéanamh*, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

*Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais*:
Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt tríd an measúnú (lgh. 72-102)
Treoir d'Úsáideoirí (lgh. 12-22)

***Caighdeáin* Síolta**

1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3
6: Súgradh, C6.3, 6.5, 6.7
7: Curaclam, C7.1, 7.5, 7.6
Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

Tá sé mar aidhm ag *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ag tarraingt ar an taithí atá ag earnáil na luath-óige ar *Aistear* agus *Síolta* a úsáid, cuimsíonn an Treoir Chleachtais:

- **Bunchlocha an Churaclaim** agus
- na **6 Cholún Curaclaim Idirnasctha**:

1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
3. Foghlaim trí mheán an tSúgartha
4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
6. Tacú le hAistriú.

Tugtar sa cháipéis seo forbhreathnú ar an gcolún Pleanáil agus Measúnú le Téamaí ***Aistear***. Tá réimse acmhainní ag baint leis an gcolún seo atá ceaptha le cabhrú leat pleanáil agus measúnú i do shuíomh.

**Roimh dhul i mbun oibre duit ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh ar *Bhunchlocha an Churaclaim*.**

## Cén fáth díriú ar phleanáil agus ar mheasúnú le téamaí *Aistear*?

Leagtar béim in *Aistear* agus i *Síolta* ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil le haghaidh luathfhoghlaim agus luathfhorbairt an linbh agus iad a mheasúnú. Tugtar sa dá chreat smaointe agus moltaí ar an gcaoi chun é sin a dhéanamh. Trí thagairt do théamaí, aidhmeanna agus spriocanna foghlama *Aistear*, úsáideann cleachtóirí réimse modhanna le faisnéis a bhailiú agus le doiciméadú a dhéanamh ar luathfhoghlaim agus ar luathfhorbairt an linbh. Déantar an t-ábhar seo a thaifeadadh trí shúile na leanaí, na gcleachtóirí agus, i gcorrchás, na dtuismitheoirí. Tugann an fhianaise dhoiciméadach seo léargas saibhir ar naíonáin, lapadáin agus leanaí óga mar fhoghlaimeoirí agus tá roinnt cuspóirí éagsúla léi. Léiríonn sí inniúlacht an linbh, na rudaí atá bainte amach acu agus an dul chun cinn atá déanta acu ó thaobh meonta, scileanna, dearcthaí agus luachanna, agus eolais agus tuisceana de. Déanann sí an fhoghlaim seo so-mheasta freisin ag cleachtóirí, leanaí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile. Ar an gcaoi sin, tugann an doiciméadúchán faisnéis thábhachtach do chleachtóirí le cabhrú leo pleanáil le haghaidh foghlaim leanaí amach anseo.

Bíonn an próiseas pleanála agus an próiseas measúnaithe fite fuaite ina chéile i suíomhanna luath-óige agus cuireann siad bonn eolais faoina chéile.

Tá *Pleanáil agus Measúnú le Téamaí Aistear* ar cheann de na colúin in *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*. Tá roinnt nasc ag an gcolún seo le colúin eile, lena n-áirítear *Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí*, *An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid*, *Foghlaim trí mheán an tSúgartha*, *Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú* agus *Tacú le hAistriú*. Cuirtear i gcuimhne dúinn sa réamhrá gairid seo cén fáth a bhfuil pleanáil agus measúnú chomh tábhachtach sin, agus tugtar forbhreathnú achomair ar na hacmhainní atá sa chuid seo den Treoir Chleachtais, agus ar an gcaoi a bhféadfá iad a úsáid.


De réir phrionsabal Aistear maidir le heispéiris iomchuí, shuntasacha:

*Cabhraíonn sé le cleachtóirí eispéiris foghlama níos fiúntaí agus níos oiriúnaí don fhorbairt a phleanáil ach measúnú leanúnach agus machnamh a dhéanamh ar na nithe a dhéanann, a deir agus a chruthaíonn leanaí. Cuidíonn sé sin leo freisin feabhas a chur ar a gcleachtas. Baineann measúnú le pictiúr a chruthú de láidreachtaí, suimeanna, cumais agus riachtanais indibhidiúla na leanaí agus iad sin a úsáid chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí amach anseo agus chun pleanáil di* (*Prionsabail agus téamaí*, 2009, lch. 11).

*Aibhsítear i gCaighdeán 7 de Shíolta*, *Curaclam*, an tábhacht a bhaineann le heispéiris leanaí a dhoiciméadú freisin agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá an breathnú córasach agus an measúnú chun foghlama ina leith seo. Ina theannta sin, aibhsítear i gCaighdeán 6, *Súgradh*, an tábhacht a bhaineann le deiseanna súgartha agus taiscéalaíochta atá ag teacht le céim forbartha an linbh agus a thugann a d(h)úshlán aistriú chuig foghlaim nua. Chun na críche sin, ní mór don chleachtóir aithne mhaith a bheith aige/aici ar gach aon leanbh le tacú le foghlaim agus le forbairt an linbh sin. In Achoimrí Taighde *Síolta* ar Churaclam agus ar Shúgradh cuirtear tuilleadh eolais agus tagairtí ar fáil.

I dTreoirlínte *Aistear*, *Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt tríd an measúnú*, tugtar sainmhíniú ar an measúnú mar seo a leanas: *an próiseas* ***bailithe, doiciméadaithe, machnaimh agus úsáide*** *faisnéise a leanann ar aghaidh le léargas saibhir a fháil ar leanaí mar fhoghlaimeoirí d'fhonn tacú lena gcuid foghlama amach anseo* (lch. 72). Tugann na treoirlínte breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfaidh cleachtóirí úsáid a bhaint as an measúnú lena fháil amach céard a thuigeann leanaí, cén chaoi a mbíonn siad ag smaoineamh, agus céard is féidir leo a dhéanamh, agus an t-eolas sin a úsáid le léargas saibhir a fháil ar na leanaí ina suíomh i dtreo eispéiris ábhartha, shuimiúla a phleanáil dóibh. Léirítear i bhFíor 1 na modhanna measúnaithe a dtugtar breac-chuntas orthu i dTreoirlínte *Aistear*. Tá an Treoir Chleachtais dírithe ar an bhféinmheasúnú, comhráite agus breathnóireachtaí den chuid is mó.

***Fíor 1: Modhanna measúnaithe*** **Aistear**




## Na hacmhainní sa cholún seo a úsáid

Cosúil leis na colúin uile sa Treoir Chleachtais, tá cúig chatagóir d'acmhainní in *Pleanáil agus Measúnú le Téamaí Aistear*:

1. Uirlisí Féinmheastóireachta
2. Samplaí agus Smaointe don Chleachtas
3. Acmhainní le Comhroinnt
4. Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta
5. Gailearaí.

Tá acmhainní ann a ghabhann le gach aon chatagóir chun tacú leat agus tú ag déanamh do mhachnaimh ar do chleachtas. B'fhéidir gur mhian leat súil a chaitheamh ar na **hUirlisí Féinmheastóireachta** ar dtús d'fhonn cabhrú leat a aithint cé na láidreachtaí atá agat i dtaca le pleanáil agus measúnú don fhoghlaim, chomh maith leis na hathruithe is mian leat a dhéanamh a bhreacadh síos. Ina dhiaidh sin, b'fhéidir gurbh fhiú duit breathnú ar shamplaí agus ar smaointe ó chleachtóirí eile. Tiocfaidh tú orthu sin in Eispéiris Foghlama atá nasctha le téamaí *Aistear*, i bpodchraoltaí gairide, i láithreoireachtaí grianghraf, i ngearrthóga físe agus i leidbhileoga praiticiúla sna rannáin *Samplaí agus Smaointe don Chleachtas* agus *Acmhainní le Comhroinnt* ag www.aistearsiolta.ie. Cabhróidh *na hUirlisí Pleanála Gníomhaíochta* leat pleanáil le haghaidh na n-athruithe ar leith a shocróidh tú a dhéanamh i do shuíomh.